
ÓGRAS

DON GHAEILGE • DON ÓIGE



# POLASAÍ GAEILGE ÓGRAS

**Aibreán 2025**

**Fís Ógras**

'Is é ár bhfís go mbeadh Éire ina tír a thabharfadh tacaíocht do dhaoine óga barr a gcumais a bhaint amach, ag cruthú deiseanna le Gaeilge a labhairt agus ag baint spraoi aisti.'

**Polasaí Gaeilge**

Aithníonn an Polasaí seo gur í an Ghaeilge príomhtheanga Ógras agus go gcuirtear Seirbhísí Óige ar fáil trí mheán na Gaeilge chun tacú le cur chun cinn na Gaeilge ar fud an oileáin.
Chuige sin:

- Is í an Ghaeilge teanga chumarsáide na heagraíochta
- Is i nGaeilge, de ghnáth, a reáchtálfar gníomhaíochtaí uile Ógras, mar shampla, cruinnithe an Bhord Stiúrtha agus an Bhuanchoiste, Imeachtaí Náisiúnta agus Réigiúnda, Imeachtaí na gclubanna, Cúrsaí Ceannaireachta, Campaí Samhraidh, fógraí, cumarsáid ar líne agus sna meáin shóisialta, agus srl.
- Labhrófar Gaeilge sna clubanna, sna campaí samhraidh, san oifig, ar imeachtaí agus turasanna agus i ngach áit a mbíonn baill agus ceannairí/foireann bailithe ar gnó Ógras
- Cuirfear gach tacaíocht ar fáil do bhaill agus do thuismitheoirí chun an polasaí seo a chur i bhfeidhm
- Beidh ardchaighdeán Gaeilge riachtanach in aon earcaíocht foirne a dhéanfar don eagraíocht
- Cuirfear béim ar gach gné den Chultúr Gaelach i gclár imeachtaí an eagraíocht
- Tapóidh Ógras gach deis an Ghaeilge agus an cultúr Gaelach a chur chun cinn
- Os í an Ghaeilge príomhtheanga oifigiúil Phoblacht na hÉireann, is trí Ghaeilge a dhéanfaí gnó leis an Státchóras sa Phoblacht. San áit nach bhfuil seirbhís Ghaeilge á cur ar fáil, éileofar go gcuirfí ar fáil é.

Chuige sin:


- Aithníonn an Polasaí seo chomh maith go bhfuil baill cláraithe le hÓgras agus go bhféadfadh a bheith, gan a ndóthain eolas ar an nGaeilge acu chun a bheith rannpháirteach in imeachtaí go hiomlán trí Ghaeilge – Cuirfear spreagadh agus tacaíocht ar fáil do bhaill agus do thuismitheoirí nach bhfuil líofacht iomlán sa teanga acu.

- Is gá do bhaill nua ar bheagán Gaeilge timpeall 2 mhí a chaitheamh sa chlub roimh dóibh dhul ar thuras nó imeacht leis an chlub.
- Caithfidh siad a léiriú go bhfuil iarracht a dhéanamh acu an Ghaeilge a úsáid i ngach cumarsáid sa chlub – cúpla focal fiú muna bhfuil an abairt go hiomlán i nGaeilge
- Spreagtar na baill agus ceannairí  Gaeilge a labhairt  chun cabhrú leis na baill éirí níos muiníní agus níos compordaí ag labhairt na Gaeilge.

Tá sé mar dhualgas ar na ceannairí a mheabhrú do na baill gur gá Gaeilge a labhairt i gcónaí sa chlub agus ag imeachtaí Ógras.

**Athbhreithniú polasaí**
Déanfaidh Ógras athbhreithniú ar an bpolasaí seo gach trí bliana, le cinntiú go mbíonn sé nuashonraithe agus go bhfreastalaíonn sé ar riachtanais na heagraíochta agus an bhallraíocht.

**Le hathbhreithniú : Iúil 2028**
**Duine Freagrach as: Stiúrthóir Ógras**
**Freagracht foriomlán: Bord Stiúrtha Ógras**
**Le hathbhreathnú: Iúil 2028**

**Síniú:**  **Stiúrthóir**

**Dáta:   3 Iúil 2025**